Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1510

31.7.2026

**CINNEADH (AE) 2026/1510 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 11 Bealtaine 2026**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), Airteagal 100(2) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 209(2), i gcomhar le hAirteagal 218(5), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Bealtaine 2016, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tús a chur le caibidlíocht agus nuachóiriú an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile [1] a chaibidliú. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil an 17 Eanáir 2025.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile, ('an Comhaontú') a shíniú.

(3) Is é is cuspóir don Comhaontú comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe a bhunú, idirphlé polaitiúil a threisiú, agus an comhar maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh a dhoimhniú agus a fheabhsú. Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú freisin trádáil agus infheistíocht mhéadaithe agus inbhuanaithe a chothú idir na Páirtithe trína gcaidrimh eacnamaíocha agus thrádála a leathnú agus a éagsúlú agus trí dheiseanna nua a chruthú d'oibrithe agus do ghnólachtaí araon, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus rannchuidiú á dhéanamh san am céanna le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ina ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil.

(4) Ba cheart forálacha áirithe den Chomhaontú a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 2.5 de Chuid IV de.

(5) Le síniú an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais, ní dhéantar difear do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit. Níor cheart an Cinneadh seo a léirmhíniú mar úsáid a bhaint as an bhféidearthacht atá ag an Aontas a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir le réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú a thagann faoi inniúlacht chomhroinnte sa mhéid nár fheidhmigh an tAontas an inniúlacht sin go hinmheánach fós.

(6) Leis an gComhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 2.11 de Chuid IV de, ní thugtar, laistigh den Aontas, cearta do dhaoine ná ní fhorchuirtear oibleagáidí ar dhaoine seachas na cearta agus na hoibleagáidí sin arna gcruthú idir na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta poiblí. Dá bhrí sin, ní féidir an Comhaontú a agairt go díreach os comhair chúirteanna an Aontais nó na mBallstát,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile, ('an Comhaontú') a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin [2] .

[1] IO L 276, 28.10.2000, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2000/658/oj.
[2] Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2026/1509, 31.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/1509/oj.

*Airteagal 2*

1. Cuirfear na codanna seo a leanas den Chomhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 2.5 de Chuid IV den Chomhaontú, agus faoi réir na bhfógraí dá bhforáiltear ann, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát sna réimsí ábhartha:

(a) i gCuid I: Airteagail 1 agus 2;

(b) i gCuid II:

(i) Caibidlí 1 agus 2;

(ii) Caibidil 3, cé is moite d'Airteagal 3.9 (Cosaint Chonsalach);

(iii) Caibidlí 4 go 9;

(c) i gCuid IV: Caibidlí 1 agus 2, a mhéid is gá chun na forálacha de Chodanna I agus II a chuirtear i bhfeidhm ar bhonn sealadach a chur chun feidhme.

2. An dáta óna mbeidh na codanna thuasluaite den Chomhaontú le cur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, foilseofar an dáta sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Bealtaine 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS